Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6230/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0033(NLE)**

**TRANS 46**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Feabhra 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 58 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 12ú seisiún den Choimisiún Ullmhúcháin chun an Chlárlann Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid a bhunú agus ag an 1ú seisiún den Údarás Maoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal XII de Phrótacal Lucsamburg a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Nithe a bhaineann go sonrach le Rothstoic Iarnróid |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 58 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 58 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.2.2024
COM(2024) 58 final

2024/0033 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 12ú seisiún den Choimisiún Ullmhúcháin chun an Chlárlann Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid a bhunú agus ag an 1ú seisiún den Údarás Maoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal XII de Phrótacal Lucsamburg a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Nithe a bhaineann go sonrach le Rothstoic Iarnróid**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcéad seisiún den Údarás Maoirseachta a bhunaítear de bhun Airteagal 17 den Choinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ('Coinbhinsiún Cape Town') agus Airteagal XII den Phrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún Cape Town ar nithe a bhaineann go sonrach le Cúrsaí Rothstoc Iarnróid, a glacadh i Lucsamburg an 23 Feabhra 2007 ('Prótacal Lucsamburg'), i gceangal leis na nithe seo a leanas atáthar ag brath a ghlacadh:

– Reachtanna agus Rialacha Nós Imeachta an Údaráis Maoirseachta;

– An Comhaontú idir Údarás Maoirseachta Phrótacal Lucsamburg agus an Eagraíocht Idir- Rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le feidhmeanna na Rúnaíochta;

– Rialacháin agus Nósanna Imeachta na Clárlainne Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid (Airteagal 17(2)(d- e) de Choinbhinsiún Cape Town);

– Na Rialacha Samhla maidir le Sainaitheantas Buan Rothstoc Iarnróid arna bhforbairt faoi chuimsiú Choiste Iompair Intíre Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE).

Tá sé beartaithe go mbeidh an chéad seisiún d'Údarás Maoirseachta Phrótacal Lucsamburg ar siúl an 8 Márta 2024 i mBeirn na hEilvéise.

Tá an togra seo ábhartha freisin don seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag 12ú seisiún an Choimisiúin Ullmhúcháin chun an Chlárlann Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid a Bhunú (Údarás Maoirseachta Sealadach), a thiocfaidh le chéile ina sheisiún deireanach an 7 Márta 2024, agus an chéad seisiún den Údarás Maoirseachta ceann i ndiaidh a chéile.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Prótacal Lucsamburg a ghabhann le Coinbhinsiún Cape Town

*Cúlra*

Glacadh an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar nithe a bhaineann go sonrach le Cúrsaí Rothstoc Iarnróid ('Prótacal Lucsamburg') trí Chomhdháil taidhleoireachta, a reáchtáladh i Lucsamburg an 23 Feabhra 2007, faoi choimirce na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Aontú an Dlí Phríobháidigh (UNIDROIT) agus na hEagraíochta Idir- Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF).

Le Prótacal Lucsamburg, bunaítear creat dlíthiúil ar bhonn domhanda maidir le haithint agus forfheidhmiú ceart creidiúnaithe agus léasóirí agus tosaíochtaí ina leith, a chlárófar i gclárlann idirnáisiúnta, de bhun Airteagal 16 de Choinbhinsiún Cape Town.

Rud atá tábhachtach, déantar foráil le hAirteagal XIV de Phrótacal Lucsamburg maidir le córas a bhunú chun go leithdháilfidh an Cláraitheoir uimhreacha aitheantais lena mbeifear in ann míreanna rothstoc iarnróid a shainaithint go huathúil.

Leis an bPrótacal, cruthaítear comhchóras freisin chun an tsócmhainn a athshealbhú i gcás mhainneachtain nó dhócmhainneacht an fhéichiúnaí, faoi réir coimircí leasa poiblí. Is cuidiú é sin i ndáil le trealamh soghluaiste a thrasnaíonn teorainneacha, lena seachnaítear éiginnteachtaí dlíthiúla i gcás ina mbeidh agóid in aghaidh dlí amháin faoinar maoiníodh an tsócmhainn á déanamh i gcúirteanna dlínse eile, ina bhfuil an tsócmhainn lonnaithe. Trí

rioscaí d'airgeadaithe trealaimh iarnróid a laghdú, ba cheart go dtarraingeodh Prótacal Lucsamburg níos mó iasachtóirí príobháideacha, rud a mbeidh maoiniú níos saoire mar thoradh air agus a chruthóidh roghanna d'oibreoirí i ndáil le costais agus cineálacha maoinithe.

Ba cheart go spreagfadh sé infheistíocht chaipitil freisin, rud a chothaíonn táirgeadh rothstoc agus a éascaíonn léasú ar rothstoic úr nua- aimseartha ar a sheal. Sna conclúidí uaithi an 3 Meitheamh 2021[1], d'aithin Comhairle an Aontais Eorpaigh 'go bhfuil gá le hinfheistíocht mhór san earnáil rothstoc fadraoin idirnáisiúnta' agus 'go bhfuil infheistíocht ón earnáil phríobháideach ag teastáil go práinneach', agus mheabhraigh sí 'do na Ballstáit go bhfuil comhaontuithe agus conarthaí idirnáisiúnta ann lena n- éascaítear an infheistíocht phríobháideach, amhail Prótacal Iarnróid Lucsamburg a ghabhann le Coinbhinsiún Cape Town [ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste]'.

*Aontachas an Aontais Eorpaigh*

Rinne an tAontas Eorpach, i ndáil lena inniúlachtaí, Prótacal Lucsamburg a fhormheas de bhun Chinneadh 2014/888/AE ón gComhairle an 4 Nollaig 2014 maidir le formheas a dhéanamh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar an bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar nithe a bhaineann go sonrach le Cúrsaí Rothstoc Iarnróid, a glacadh i Lucsamburg an 23 Feabhra 2007[2], a bhfuil stádas Eagraíochta Réigiúnaí um Chomhtháthú Eacnamaíochta aige (de bhun Airteagal XXII de Phrótacal Lucsamburg).

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo ón gComhairle tá Dearbhú maidir le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh ar ábhair a rialaítear le Prótacal Lucsamburg, ar ina leith a d'aistrigh na Ballstáit a n- inniúlacht chuig an Aontas.

Tagraíonn sé sin do roinnt réimsí a bhaineann le dlínse agus le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála, imeachtaí dócmhainneachta agus an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, agus do roinnt réimsí den *acquis* iompair d'iarnród, go háirithe idir- inoibritheacht an chórais iarnróid, oibriú Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh, an córas uimhrithe rothstoc iarnróid agus clárú feithiclí laistigh den Aontas Eorpach, a chumhdaítear leis an reachtaíocht seo a leanas de chuid an Aontais:

– Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le hidir- inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal[3], a aisghairtear agus a athmhúnlaítear le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir- inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach[4];
– Rialachán (CE) Uimh. 881/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid (An Rialachán Gníomhaireachta)[5], a aisghairtear le Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh[6];

---

1 An Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar), 3 Meitheamh 2021: *Putting Rail at the Forefront of Smart and Sustainable Mobility* [An tIarnród a chur ar Thús Cadhnaíochta sa tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste] (ST 8790/21)
2 IO L 353, 10.12.2014, lch. 9.
3 IO L 191, 18.7.2008, lch. 1.
4 IO L 138, 26.5.2016, lch. 44.
5 IO L 164, 30.4.2004, lch. 1.
6 IO L 138, 26.5.2016, lch. 1.

– Cinneadh 2006/920/CE ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2006 maidir le sonraíochtaí teicniúla don idir- inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistíochta tráchta an ghnáthchórais iarnróid thras- Eorpaigh[7], a aisghairtear le Cinneadh 2012/757/AE ón gCoimisiún an 14 Samhain 2012 maidir le sonraíochtaí teicniúla don idir- inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistíochta tráchta an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena leasaítear Cinneadh 2007/756/CE[8], a leasaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1693 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir le sonraíochtaí teicniúla don idir- inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistíochta tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach[9];

– Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún an 9 Samhain 2007 lena nglactar sonraíocht chomhchoiteann maidir le clár náisiúnta feithiclí dá bhforáiltear faoi Airteagail 14(4) agus (5) de Threoracha 96/48/CE agus 2001/16/CE[10], arna aisghairm le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh cláir feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún[11].

*Stádas an daingnithe san Aontas agus coinníollacha maidir le teacht i bhfeidhm*

Go dtí seo, i dteannta an Aontais Eorpaigh, is iad Lucsamburg, an tSualainn agus an Spáinn amháin atá ar na Ballstáit den Aontais Eorpaigh ar páirtithe iad freisin sa chomhaontú seo faoi láthair[12].

Tar éis don Spáinn é a dhaingniú in Eanáir 2023, comhlíonadh an chéad réamhchoinníoll le haghaidh theacht i bhfeidhm Phrótacal Lucsamburg, a leagtar síos in Airteagal XXIII(1). Is é atá sa dara réamhchoinníoll deimhniú á thaisceadh ag Rúnaíocht an Údaráis Maoirseachta leis an Taisclann lena ndeimhnítear go bhfuil an Clárlann Idirnáisiúnta ag feidhmiú go hiomlán, agus ba cheart go dtarlódh a leithéid sa 12ú seisiún den Choimisiún Ullmhúcháin a reáchtálfar an 7 Márta 2024. Tá sé beartaithe go mbeidh an chéad seisiún den Údarás Maoirseachta ar siúl an 8 Márta 2024.

## 2.2. An tÚdarás Maoirseachta

*Cúraimí agus feidhmeanna*

Bunaítear an tÚdarás Maoirseachta de bhun Airteagal 17 de Choinbhinsiún Cape Town agus Airteagal XII de Phrótacal Lucsamburg. Maidir lena chúraimí agus a fheidhmeanna, mar a dhíorthaítear ó fhorálacha Phrótacal Lucsamburg agus Airteagal 17(2) de Choinbhinsiún Cape Town, liostaítear iad in Airteagal 5 de na dréacht-Reachtanna, agus ba cheart dhá ghrúpa a bheith iontu go bunúsach:

Cúraimí riaracháin: an Cláraitheoir a cheapadh, comhaontuithe a chaibidliú agus a leasú ó am go chéile leis an gCláraitheoir, agus feidhmiú leanúnach na Clárlainne Idirnáisiúnta a áirithiú i gcás athrú Cláraitheora; maidir le haon chomhaontú ina leagtar amach na coinníollacha mionsonraithe chun cúraimí na Rúnaíochta a fheidhmiú, comhaontú den sórt sin a shíniú leis an Rúnaíocht, agus comhaontú den sórt sin a chaibidliú agus a leasú ó am go chéile; tuairisciú

7 IO L 359, 18.12.2006, lch. 1.
8 IO L 345, 15.12.2012, lch. 1.
9 IO L 222, 8.9.2023, lch. 1–87
10 IO L 305, 23.11.2007, lch. 30.
11 IO L 268, 26.10.2018, lch. 53.
12 Stádas na ndaingnithe an 5 Nollaig 2023.

go tréimhsiúil do na Stáit Chonarthacha maidir le comhlíonadh a oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Cape Town agus Prótacal Lucsamburg; agus tuairisciú go tréimhsiúil do UNIDROIT agus cúnamh a thabhairt dó tuarascálacha a ullmhú maidir leis an gcaoi ar fheidhmigh an córas idirnáisiúnta a bhunaítear sa Choinbhinsiún sa chleachtas.

Cúraimí oibríochtúla: na Rialacháin le haghaidh na Clárlainne Idirnáisiúnta a bhunú, a athbhreithniú agus a leasú ó am go chéile; an Cláraitheoir agus oibriú na Clárlainne Idirnáisiúnta a mhaoirsiú; arna iarraidh sin don Chláraitheoir, treoraíocht a sholáthar don Chláraitheoir; gach rud is gá a dhéanamh chun a áirithiú gur ann do chóras clárúcháin leictreonach éifeachtúil atá bunaithe ar fhógraí chun cuspóirí Choinbhinsiún Cape Town agus Phrótacal Lucsamburg a chur chun feidhme.

*Rúnaíocht*

Ag an $7^{ú}$ (Beirn, 23/24 Samhain 2005) agus ag an $12^{ú}$ (Beirn, 29/30 Meán Fómhair 2015) Comhthionól Ginearálta de OTIF, chinn an eagraíocht sin cúraimí Rúnaíocht an Údaráis Maoirseachta a ghlacadh ar láimh, i gcomhréir le hAirteagal XII(6) de Phrótacal Lucsamburg.

*Comhdhéanamh*

Cinntear comhaltas an Údaráis Maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal XII(1) de Phrótacal Lucsamburg. Foráiltear i bhfomhír (a) go mbeidh gach Stát is Páirtí ina chomhalta agus go bhféadfadh gach Stát is Páirtí aon ionadaí amháin a cheapadh. Foráiltear i bhfomhíreanna (b) agus (c) go n- ainmneodh UNIDROIT agus OTIF faoi seach trí Stát eile ar a mhéad, a rachaidh a dtéarmaí ceapacháin in éag tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm Phrótacal Lucsamburg.

Go dtí seo, i dteannta na ceithre stát a dhaingnigh an prótacal (an Ghabúin, Lucsamburg, an Spáinn agus an tSualainn), d’ainmnigh OTIF an Ailgéir, an Tuirc agus an Ríocht Aontaithe, agus d’ainmnigh UNIDROIT an Fhrainc agus an Afraic Theas mar chomhaltaí den Údarás Maoirseachta. Tá an tríú stát atá le hainmniú ag UNIDROIT le deimhniú i gcónaí.

## 2.3. An Coimisiún Ullmhúcháin

Le Rún Uimh. 1 d’Ionstraim Chríochnaitheach na Comhdhála Taidhleoireachta chun Prótacal Lucsamburg a ghlacadh (Feabhra 2007) maidir le bunú an Údaráis Maoirseachta agus na Clárlainne Idirnáisiúnta le haghaidh rothstoic iarnróid, socraíodh Coimisiún Ullmhúcháin a bhunú, go dtí teacht i bhfeidhm Phrótacal Lucsamburg, a ghníomhóidh le húdarás iomlán mar Údarás Maoirseachta Sealadach le haghaidh bhunú na Clárlainne Idirnáisiúnta, i gcomhairle le UNIDROIT agus OTIF. Is é is príomhsprioc don Choimisiún Ullmhúcháin na rialacháin agus na nósanna imeachta a ullmhú le haghaidh na Clárlainne Idirnáisiúnta agus bunú an Údaráis Maoirseachta a ullmhú. Tháinig an Coimisiún Ullmhúcháin le chéile aon uair déag ó bunaíodh é. Ag an $12^{ú}$ seisiún atá beartaithe a bheith ann an 7 Márta 2024, beidh coinne leis go mbreithneoidh agus go bhformheasfaidh an Coimisiún Ullmhúcháin an dréacht críochnaitheach de na gníomhartha a ghlacfaidh an $1^{ú}$ seisiún den Údarás Maoirseachta atá beartaithe an 8 Márta 2024. Dá bhrí sin, beartaítear leis an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle an seasamh atá le glacadh a shuí thar ceann an Aontais ag an dá chruinniú, maidir leis na cinntí céanna a bhaineann le glacadh na ngníomhartha beartaithe den Údarás Maoirseachta.

## 2.4. Gníomhartha beartaithe an Údaráis Maoirseachta

An 8 Márta 2024, le linn a chéad seisiúin, agus i measc míreanna eile ar an gclár, tá coinne leis go nglacfaidh an tÚdarás Maoirseachta a Reachtanna agus a Rialacha Nós Imeachta agus an Comhaontú idir an tÚdarás Maoirseachta agus OTIF maidir le feidhmeanna na Rúnaíochta. Baineann na hionstraimí sin, a bheidh ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta, le raon feidhme

iomlán ghníomhaíochtaí an Údaráis Maoirseachta, lena n- áirítear na réimsí ina bhfuil an tAontas Eorpach inniúil go heisiach, agus déanfaidh siad difear díreach do rannpháirtíocht an Aontais sa chomhlacht sin[13]. Dá bhrí sin, féadfaidh tionchar cinntitheach a bheith ag a bhformheas ar inneachar reachtaíochta de chuid an Aontais.

Ina theannta sin, tá coinne leis go nglacfaidh an tÚdarás Maoirseachta gníomhartha eile freisin a bhaineann le bunú agus feidhmiú na Clárlainne Idirnáisiúnta ar féidir leo tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, mar atá:

*Rialacháin agus Nósanna Imeachta na Clárlainne Idirnáisiúnta le haghaidh Rothstoic Iarnróid*

Is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe oibríochtaí na Clárlainne Idirnáisiúnta a eagrú agus a rialú. Sonraítear leo conas a bhunaítear an Chlárlann Idirnáisiúnta mar an tsaoráid chun cláruithe rothstoic iarnróid a bhainistiú faoin gCoinbhinsiún agus faoin bPrótacal, agus tá forálacha iomchuí iontu chun oibriú na clárlainne sin a rialáil, go príomha maidir le hiarraidh agus leithdháileadh shainaitheantóir an Chórais Uathúil Aitheantais d'Fheithiclí Iarnróid (URVIS), rialú rochtana, ceanglais faisnéise, cuardaigh, agus ceanglais eile a bhaineann leis an gcláraitheoir, amhail gearáin nó dliteanas agus árachas. Eiseoidh an tÚdarás Maoirseachta na Rialacháin agus na Nósanna Imeachta sin de bhun Airteagal 17(2)(d-e) de Choinbhinsiún Cape Town, agus i gcomhréir le hAirteagail XIV, XV, XVI agus XVII de Phrótacal Lucsamburg. An t- ábhar sin – clárú rothstoic iarnróid agus malartú sonraí idir Ballstáit an Aontais agus an Chlárlann Idirnáisiúnta – rialáiltear ar leibhéal an Aontais é leis an méid seo a leanas: (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh na gclár feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 (maidir le hidir- inoibritheacht an chórais iarnróid) agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún[14], agus (2) Cinneadh 2012/757/AE ón gCoimisiún maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir- inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'oibriúcháin agus bainistíochta tráchta' an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena leasaítear Cinneadh 2007/756/CE[15]. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún leagtar síos sonraíochtaí comhchoiteanna le haghaidh chláir feithiclí náisiúnta na mBallstát, chomh maith le sonraíochtaí le haghaidh an Chláir Eorpaigh Feithiclí (EVR) arna bhainistiú ar an leibhéal lárnach ag Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh 'ERA'. Foráiltear leis an gcinneadh sin freisin go gcruthófar Uimhir Eorpach Feithiclí (EVN), rud atá sainordaitheach. Forordaítear formáid an EVN i bhFoscríbhinn 6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún: 'Leis an bhFoscríbhinn seo tugtar tuairisc ar an uimhir Eorpach feithiclí agus ar an marcáil nasctha arna cur i bhfeidhm ar bhealach infheicthe ar an bhfeithicil chun í a shainaithint go huathúil agus ar bhealach buan le linn oibriú.' Ina theannta sin, le Cinneadh 2012/757/AE ón gCoimisiún tagraítear freisin don EVN mar cheann de cheanglais oibríochtúla an fhochórais 'oibriúcháin agus bainistíochta tráchta' den chóras iarnróid Eorpach (cuid 4.2.2.3 dá Iarscríbhinn I: 'Ní mór Uimhir Eorpach Feithiclí a bheith ag gach feithicil chun í a shainaithint go huathúil ó aon fheithicil iarnróid eile.') Dá bhrí sin, beidh formheas Rialacháin agus Nósanna Imeachta na Clárlainne Idirnáisiúnta a bunaíodh faoi Phrótacal Lucsamburg ina cheangal faoin dlí idirnáisiúnta agus beidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais.

---

13 Tá sé de cheart ag an Aontas páirt a ghlacadh in oibreacha an Údaráis Maoirseachta de bhun léamh Airteagail XII agus XXII de Phrótacal Lucsamburg agus Cinneadh 2014/888/AE ón gComhairle le chéile. Féach thíos freisin faoi roinn 3.2.

14 IO L 268, 26.10.2018, lch. 53–91

15 IO L 345, 15.12.2012, lch. 1–76, arna leasú go deireanach i mí an Mheithimh 2020 (IO L 188, 15.6.2020, lch. 16–17)

*Na Rialacha Samhla maidir le Sainaitheantas Buan an Rothstoic Iarnróid*

Leagtar síos leis na rialacha sin na modhanna agus na freagrachtaí chun sainaitheantóir an Chórais Uathúil Aitheantais d'Fheithiclí Iarnróid (URVIS) a ghreamú de rothstoic iarnróid mar a bheartaítear le Prótacal Lucsamburg. Is rialacha deonacha iad sin seachas i gcás ina gceanglaítear amhlaidh le dlíthe sonracha; in aon chás, ní mór do pháirtí comhlíonadh na rialacha sin a dheimhniú más mian leis aon leas inchláraithe a tugadh isteach i gClárlann Idirnáisiúnta Phrótacal Lucsamburg a chlárú, nó a bheith ina thairbhí d'aon leas den sórt sin. Ceanglófar ar pháirtí ar mian leis a bheith faoi cheangal ag na Rialacha sin dearbhú a dhéanamh[16], agus fógra a thabhairt don chláraitheoir faoi sin. De réir bhrí na Rialacha Samhla, ciallaíonn 'páirtí' aon duine aonair, gnólacht, cuideachta, corparáid, rialtas, Stát nó gníomhaireacht de chuid Stáit nó gníomhaireacht de chuid bailiúcháin Stát, nó aon chomhlachas, iontaobhas, comhfhiontar, cuibhreannas nó comhpháirtíocht nó dílseánacht nó eintiteas eile (bíodh pearsantacht dhlítheanach ar leithligh aige nó ná bíodh). Rialaítear an t- ábhar sin – marcáil na rothstoc iarnróid – ar leibhéal an Aontais le Cinneadh 2012/757/AE ón gCoimisiún thuasluaite, go háirithe i bhFoscríbhinn P dá Iarscríbhinn I (Uimhir Eorpach Feithiclí agus marcáil aibítre nasctha ar an gcabhalra; roinn 2 'Socruithe Ginearálta le haghaidh Marcálacha ar an Taobh Amuigh'). Dá bhrí sin, beidh formheas na Rialacha Samhla sin ina cheangal faoin dlí idirnáisiúnta agus beidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais.

## 3. SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Reachtanna an Údaráis Maoirseachta a Ghlacadh

Le dréacht- Reachtanna an Údaráis Maoirseachta sainítear gnéithe amhail a phearsantacht dhlítheanach, a chúraimí agus a chreat riaracháin, mar a cheanglaítear le Coinbhinsiún Cape Town agus le Prótacal Lucsamburg. Is réamhriachtanas é na Reachtanna a ghlacadh chun an tÚdarás Maoirseachta a bhunú agus a oibriú. Dá bhrí sin, moltar tacú lena nglacadh, faoi réir leasú beag ar Airteagal 2 (Comhdhéanamh) chun an crostagairt d'fhorálacha ábhartha Phrótacal Lucsamburg a shoiléiriú (Airteagal XII (1) (a), (b) agus (c)).

### 3.2. Rialacha Nós Imeachta an Údaráis Maoirseachta a Ghlacadh

Le dréacht- Rialacha Nós Imeachta an Údaráis Maoirseachta sainítear gnéithe amhail rialacha cruinnithe, rialacha ionadaíochta, tograí agus cinntí agus nósanna imeachta vótála. Ceanglaítear go nglacfar iad faoi Airteagal XII(4) de Phrótacal Lucsamburg.

Le hAirteagal XXII de Phrótacal Lucsamburg, sonraítear an méid seo a leanas i mír 1: 'Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta atá comhdhéanta de Stáit cheannasacha agus a bhfuil inniúlacht aici ar ábhair áirithe arna rialú ag an bPrótacal seo, féadfaidh sí an Prótacal seo a shíniú, glacadh leis, a fhormheas nó aontú dó ar an gcaoi chéanna. Sa chás sin, beidh cearta agus oibleagáidí Stáit Chonarthaigh ag an Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta, a mhéid atá inniúlacht ag an Eagraíocht sin ar ábhair a rialaítear leis an bPrótacal seo (…)'. Le mír 3 den Airteagal céanna déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas: 'Aon tagairt sa Phrótacal seo do 'Stát Conarthach' nó do 'Stáit Chonarthacha' nó do 'Stát is Páirtí' nó do 'Stáit is Páirtithe', beidh feidhm chomh maith céanna aici maidir le hEagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta i gcás ina n- éilíonn an comhthéacs amhlaidh'.

---

[16] '*Geallaimid leis seo go mbeimid faoi cheangal ag na Rialacha Samhla maidir le Sainaitheantas Buan Rothstoic Iarnróid (eagrán Béarla) arna leasú ó am go chéile, arna n- eisiúint faoi choimirce na Meithle um Iompar ar Iarnród, amhail ar dháta an dearbhaithe seo*'.

D'aontaigh an tAontas do Phrótacal Lucsamburg. Fágann sé de bhun Airteagal XXII(3) de Phrótacal Lucsamburg go bhfuil an tAontas, mar Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta, le breithniú mar Stát is Páirtí faoi Airteagal XII(1) de Phrótacal Lucsamburg, agus dá bhrí sin le breithniú mar chomhalta lánfheidhme den Údarás Maoirseachta a bhfuil an stádas, na cearta agus na hoibleagáidí céanna aige agus atá ag aon Stát eile is Páirtí i bPrótacal Lucsamburg.

Agus é sin á chur san áireamh, maidir le forálacha na ndréacht- Rialacha Nós Imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair, ní cosúil go bhfuil siad i gcomhréir iomlán leis na forálacha thuasluaite de Phrótacal Lucsamburg:

In Airteagal 1 (Sainmhínithe), foráiltear leis na dréacht- Rialacha Nós Imeachta go gciallaíonn 'Comhaltaí' 'ionadaithe na Stát is Páirtithe agus na Stát Ainmnithe arb éard atá iontu i gcomhpháirt comhaltas an Údaráis Maoirseachta;' déantar foráil leo freisin maidir le sainmhíniú ar leithligh ar 'Eagraíocht Réigiúnach', rud a chiallaíonn 'Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal XXII den Phrótacal agus a dhaingnigh an Coinbhinsiún agus an Prótacal araon nó a d'aontaigh dóibh i leith a hinniúlachtaí'. Agus foclaíocht reatha Airteagail 4 agus 16 á cur san áireamh, d'fhéadfaí a thabhairt le tuiscint leis an idirdhealú sin nach mbeadh an tAontas (mar Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta) ina chomhalta lánfheidhme den Údarás Maoirseachta, rud atá bunoscionn le forálacha Phrótacal Lucsamburg (Airteagal XII agus Airteagal XXII);

In Airteagal 4 (Ionadaíocht na gComhaltaí), léirítear leis na dréacht- Rialacha Nós Imeachta i mír 1 go ndéanfar ionadaíocht do gach Stát is Páirtí agus gach Stát Ainmnithe agus go vótálfaidh siad ag cruinnithe den Údarás Maoirseachta; sonraítear an méid seo a leanas le mír 2: 'Féadfaidh Comhalta socrú a dhéanamh go ndéanfaidh Comhalta eile ionadaíocht dó ag cruinniú den Údarás Maoirseachta. Mar sin féin, ní fhéadfaidh aon Chomhalta ionadaíocht a dhéanamh do níos mó ná Comhalta amháin eile ag cruinniú den Údarás Maoirseachta'; leagtar síos le mír 3 go mbeidh sé de cheart ag Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta go ndéanfar ionadaíocht di (agus an méid sin amháin); d'fhéadfaí a thabhairt le tuiscint leis sin arís nach mbreithneofaí an tAontas mar chomhalta as féin, óir nach ndéantar foráil go sainráite maidir lena cheart vótála mar a dhéantar maidir le Stáit eile is Páirtithe.

In Airteagal 16 (Nósanna imeachta vótála), leis na dréacht- Rialacha Nós Imeachta ní thagraítear ach do 'Chomhaltaí', agus ní áirítear an tAontas mar Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta go sainráite leis sin, de réir Airteagal 1. Ina theannta sin, níl aon rialacha ann maidir le feidhmiú ceart vótála ag an Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta.

Seachas na soiléirithe is gá a thabhairt isteach sna dréacht- Rialacha Nós Imeachta chun ionadaíocht an Aontais a áirithiú mar chomhalta lánfheidhme den Údarás Maoirseachta, ba cheart an cheist a bhaineann le feidhmiú chearta vótála an Aontais a bhreithniú i bhfianaise na rialacha is infheidhme faoi OTIF, atá ina chomhurraitheoir le UNIDROIT ar Phrótacal Lucsamburg, agus a sholáthraíonn feidhm rúnaíochta an Údaráis Maoirseachta.

Le hAirteagal 38 den Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF), sonraítear an méid seo a leanas:

> '*§2 Féadfaidh an eagraíocht réigiúnach na cearta atá ag a comhaltaí de bhua an Choinbhinsiúin a fheidhmiú a mhéid a chumhdaíonn siad ábhair ar a bhfuil sí inniúil.*

*Tá feidhm aige sin freisin maidir leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar na Ballstáit de bhun an Choinbhinsiúin (...).'*; agus

*'§3 Chun críocha fheidhmiú an chirt vótála (...), beidh an líon vótaí ag an eagraíocht réigiúnach a bheidh comhionann le líon vótaí a comhaltaí atá ina mBallstáit den Eagraíocht freisin. Ní fhéadfaidh na comhaltaí sin a gcearta a fheidhmiú, go háirithe a gceart vótála, ach amháin a mhéid a cheadaítear le mír 2*',

Agus forálacha COTIF thuasluaite á gcur i bhfeidhm, sonraítear an méid seo a leanas le hAirteagal 6 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus OTIF maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh le COTIF an 9 Bealtaine 1980[17]:

'*1. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, déanfaidh an tAontas cearta vótála a Bhallstát a fheidhmiú faoin gCoinbhinsiún.*

*2. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina roinneann an tAontas a inniúlacht lena Bhallstáit, vótálfaidh an tAontas nó a Bhallstáit.*

*3. Faoi réir Airteagal 26, mír 7 den Choinbhinsiún, beidh an líon céanna vótaí ag an Aontas agus atá ag a Bhallstáit atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún freisin. Nuair a vótálfaidh an tAontas, ní vótálfaidh na Ballstáit*'.

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/888/AE ón gComhairle an 4 Nollaig 2014 maidir le formheas Phrótacal Lucsamburg thar ceann an Aontais, tá dearbhú a bhaineann le hinniúlacht an Aontais ar ábhair arna rialú ag Prótacal Lucsamburg, ar ina leith a *d'aistrigh* na Ballstáit a n- inniúlacht chuig an Aontas. Le hAithrisí 2, 3 agus 7 den Chinneadh sin ón gComhairle, soiléirítear go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas sna réimsí sin.

Is ábhartha agus is iomchuí, dá bhrí sin, maidir le cinntí an Údaráis Maoirseachta a thagann faoi raon feidhme inniúlacht eisiach an Aontais, go leanann feidhmiú na gceart vótála an nós imeachta céanna leis an gceann is infheidhme in COTIF a mhéid a bhaineann le hEagraíochtaí Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta, i.e. go bhfeidhmíonn an tAontas cearta vótála a Bhallstát ar ábhair a bhaineann le hinniúlacht an Aontais (ionadú), trí oiread vótaí a chaitheamh agus a bhfuil teideal ag na Ballstáit orthu, i gcás inar gá i gcomhréir le seasamh Aontais réamhbhunaithe.

Is féidir teacht ar shampla eile den chineál cur chuige sin in Airteagal 3(8) de Reacht Chomhdháil na Háige maidir leis an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach[18].

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe dréacht- Rialacha Nós Imeachta an Údaráis Maoirseachta a fhormheas faoi réir leasuithe a thabhairt isteach lena léireofar stádas an Aontais Eorpaigh mar chomhalta lánfheidhme den Údarás Maoirseachta, i gcomhréir le forálacha ábhartha Phrótacal Lucsamburg, chun a áirithiú go n- áiritheofar go héifeachtach a chearta go ndéanfaí ionadaíocht dó agus a chearta vótála.

## 3.3. Comhaontú idir Údarás Maoirseachta Phrótacal Lucsamburg agus an Eagraíocht Idir- Rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le feidhmeanna na Rúnaíochta

I gcomhréir le hAirteagal XII (6) de Phrótacal Lucsamburg, is faoin OTIF é ról Rúnaíocht an Údaráis Maoirseachta a thógáil ar láimh a luaithe agus a thiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm agus na cruinnithe den Údarás Maoirseachta a óstáil i mBeirn na hEilvéise.

Leagtar amach sa chomhaontú atá beartaithe idir an tÚdarás Maoirseachta agus OTIF na coinníollacha mionsonraithe chun cúraimí Rúnaíocht an Údaráis Maoirseachta a dhéanamh.

[17] IO L 51, 23.2.2013, lch. 8.
[18] https://assets.hcch.net/docs/d7d051ae-6dd1-4881-a3b5-f7dbcaad02ea.pdf

Áirítear leis sin, *inter alia*, aon ghnáthobair a bhaineann le cruinnithe den sórt sin a dhéanamh, lena n- áirítear fógraí faoi chruinnithe agus cláir oibre a eisiúint, doiciméid le haghaidh cruinnithe den sórt sin agus doiciméid a eascraíonn as na cruinnithe sin a ullmhú agus a scaipeadh, agus fónamh mar theagmhálaí, *vis-à-vis* tríú páirtithe don Údarás Maoirseachta. De réir an Chomhaontaithe, ba cheart é a bheith de cheart ag OTIF ionadaíocht a bheith aici ag cruinnithe den Údarás Maoirseachta, gan ceart vótála, agus ba cheart di cúiteamh airgid a fháil as cúraimí Rúnaíocht an Údaráis Maoirseachta a dhéanamh.

Is gá an comhaontú seo a ghlacadh chun dea- eagrú agus dea- riarachán oibreacha an Údaráis Maoirseachta a áirithiú. Beartaítear dá bhrí sin tacaíocht a thabhairt don Údarás Maoirseachta lena nglacadh.

### 3.4. Rialacháin agus Nósanna Imeachta na Clárlainne Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid a Ghlacadh

Eiseoidh an tÚdarás Maoirseachta Rialacháin agus Nósanna Imeachta na Clárlainne Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid, de bhun Airteagal 17(2)(d-e) de Choinbhinsiún Cape Town, agus i gcomhréir le hAirteagail XIV, XV, XVI agus XVII de Phrótacal Lucsamburg. Soláthraítear leo an creat dlíthiúil maidir le bainistiú na Clárlainne Idirnáisiúnta.

Maidir leis an gcaidreamh idir an sainaitheantóir URVIS agus an Uimhir Feithicle Eorpach arna rialáil ar leibhéal an Aontais le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún, foráiltear le pointe 5.3.1 de na Rialacháin seo go bhféadfar úsáid a bhaint as *uimhir aitheantais náisiúnta nó réigiúnach* ag a bhfuil na saintréithe céanna leis an sainaitheantóir URVIS agus rialacha marcála a chomhfhreagraíonn, ar a laghad, do na híoschaighdeáin a leagtar amach sna Rialacha Samhla. Cé go láimhseálann na córais chlárúcháin faoi dhlí an Aontais agus faoi Phrótacal Lucsamburg an tsaincheist thráthúil chéanna maidir le sainaithint agus clárú an rothstoic iarnróid, tá aidhmeanna agus cuspóirí difriúla acu, is é sin aidhmeanna agus cuspóirí oibríochtúla (teicniúla) faoi dhlí an Aontais agus aidhmeanna agus cuspóirí airgeadais faoi Phrótacal Lucsamburg. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh an dá chóras a bheith i bhfeidhm i gcomhthráth, agus, ag brath ar fhorbairt na Clárlainne Idirnáisiúnta seo agus an úsáid a bhaintear aisti, agus ar fhorbairt an Chláir Eorpaigh Feithiclí atá á rialáil faoi láthair le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún, ba cheart don Aontas Eorpach a bheith in ann comhlántacht bhuan a lorg idir na cláir agus na córais aitheantais araon.

Toisc go bhfuil gá ann Rialacháin agus Nósanna Imeachta na Clárlainne Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid a ghlacadh chun oibriú na Clárlainne Idirnáisiúnta a áirithiú, agus toisc go bhfuil na forálacha sin comhoiriúnach le creat dlíthiúil ábhartha an Aontais, tá sé beartaithe tacaíocht a thabhairt dá nglacadh ag an Údarás Maoirseachta.

### 3.5. Na Rialacha Samhla maidir le Sainaitheantas Buan an Rothstoic Iarnróid a Ghlacadh

Mar a luaitear i bpointe 4.5 de na Rialacha Samhla, is rud breise é an sainaitheantóir URVIS agus a mharcáil ar an rothstoic iarnróid anuas ar na córais uimhrithe atá ann cheana, agus ní dhéanann siad difear do na córais sin, ar córais iad a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le ligean isteach nó oibriú an rothstoic iarnróid agus ní thagann siad in ionad na clárlainne nó na gcóras faisnéise atá ann cheana a úsáidtear i Stáit nó i ngrúpaí Stát chun rothstoic iarnróid a oibriú, amhail, i gcás an Aontais Eorpaigh, an EVR agus EVN arna rialáil le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún.

I gcás an Aontais, iarmhairt de na Rialacha Samhla ná go mbeidh na sainaitheantóirí agus na marcálacha a bheith greamaithe den rothstoc ann i gcomhthráth. Tugtar faoi deara nach iad sin

na t- aon mharcálacha ar fheithicil, ina n- áirítear marcálacha oibriúcháin eile, e.g., ón monaróir.

Chun a sprioc a bhaint amach, ní gá do Phrótacal Lucsamburg ach brath ar chóras soiléir aitheantais agus marcála bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta. Foráiltear leis na Rialacha Samhla seo go mbeidh cur chuige réasúnach ann nach mbeidh ar neamhréir le creat dlíthiúil ábhartha an Aontais Eorpaigh. Beartaítear dá bhrí sin tacaíocht a thabhairt don Údarás Maoirseachta lena nglacadh.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach acu faoin dlí idirnáisiúnta, ach atá '*in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta arna glacadh ag reachtas AE*'[19].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an tÚdarás Maoirseachta a bunaíodh trí chomhaontú, is é sin an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste maidir le Nithe a bhaineann go sonrach le Rothstoic Iarnróid (Prótacal Lucsamburg), i gcomhréir lena Airteagal XII.

Na gníomhartha a iarrtar ar an Údarás Maoirseachta a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Mar a míníodh sa roinn roimhe seo, beidh na gníomhartha beartaithe ceangailteach faoi rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist agus beidh siad in ann tionchar a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, is é sin: Treoir (AE) 2016/797, Cinneadh 2012/757/AE ón gCoimisiún, agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún; agus rannpháirtíocht chéanna an Aontais i bhfeidhmiú Phrótacal Lucsamburg, arna dheonú le Cinneadh 2014/888/AE ón gComhairle.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

### 4.2. Bunús substainteach dlí

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglactar seasamh ina leith thar ceann an Aontais. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid ann agus más féidir ceann amháin de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar

[19] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt, agus nach bhfuil sa cheann eile ach cuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach amháin, eadhon an bunús sin a éilítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Is le ‘hiompar d’iarnród’ a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 91 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2024/0033 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 12ú seisiún den Choimisiún Ullmhúcháin chun an Chlárlann Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid a bhunú agus ag an 1ú seisiún den Údarás Maoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal XII de Phrótacal Lucsamburg a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Nithe a bhaineann go sonrach le Rothstoic Iarnróid**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhormheas an tAontas, i leith a chuid inniúlachtaí, an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste maidir le Nithe a Bhaineann go Sonrach le Rothstoic Iarnróid ('Coinbhinsiún Cape Town'), a glacadh i Lucsamburg an 23 Feabhra 2007 ('Prótacal Lucsamburg'), de bhun Chinneadh 2014/888/AE ón gComhairle an 4 Nollaig 2014[20], agus bhain sé amach stádas maidir le hEagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta faoin bPrótacal sin.

(2) Tá coinne leis go nglacfaidh Údarás Maoirseachta Phrótacal Lucsamburg, le linn a chéad sheisiúin an 8 Márta 2024, agus i measc míreanna eile ar an gclár oibre, go nglacfaidh sé a Reachtanna agus a Rialacha Nós Imeachta, an Comhaontú idir an tÚdarás Maoirseachta agus an Eagraíocht Idir- Rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le feidhmeanna rúnaíocht an Údaráis Maoirseachta, agus gníomhartha eile a bhaineann le bunú agus le feidhmiú na Clárlainne Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid (Airteagal 17(2)(d) de Choinbhinsiún Cape Town), go háirithe Rialacháin na Clárlainne Idirnáisiúnta um rothstoic iarnróid agus na Rialacha Samhla maidir le Sainaitheantas Buan an Rothstoic Iarnróid arna bhforbairt faoi chuimsiú Choiste Iompair Intíre Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip.

(3) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a shuí sa chéad seisiún den Údarás Maoirseachta, toisc gur Páirtí Conarthach i bPrótacal Lucsamburg é an tAontas agus ag leanúint ó na cinntí a ghlacfaidh an tÚdarás Maoirseachta d'fhéadfaí

[20] Cinneadh 2014/888/AE ón gComhairle an 4 Nollaig 2014 maidir le formheas an Phrótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Coinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta sa Trealamh Soghluaiste maidir le Nithe a Bhaineann go Sonrach le Rothstoc Iarnróid, a glacadh i Lucsamburg an 23 Feabhra 2007 (IO L 353, 10.12.2014, lch. 9).

gníomhartha a ghlacadh atá ceangailteach faoi dhlí idirnáisiúnta agus atá in ann tionchar cinntitheach a imirt ar rannpháirtíocht an Aontais sa chomhlacht sin agus ar ábhar reachtaíocht an Aontais, is é sin: Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir- inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (athmhúnlú)[21], Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh[22], Cinneadh 2012/757/AE ón gCoimisiún an 14 Samhain 2012 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir- inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistíochta tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena leasaítear Cinneadh 2007/756/CE[23], agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2018 ina leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh na gclár feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún[24].

(4) Tá coinne leis go nglacfaidh an tÚdarás Maoirseachta a dhréacht- Reachtanna, ina sainítear gnéithe amhail a phearsantacht dhlítheanach, a chúraimí agus a chreat riaracháin, a éilítear le Coinbhinsiún Cape Town agus le Prótacal Lucsamburg. Is réamhriachtanas é na Reachtanna a ghlacadh chun an tÚdarás Maoirseachta a bhunú agus a oibriú agus ba cheart tacú leis dá bhrí sin. Ba cheart leasú beag a mholadh ar an bhforáil lena sainítear comhdhéanamh an Údaráis Maoirseachta chun an crostagairt d'fhorálacha ábhartha Phrótacal Lucsamburg a shoiléiriú (Airteagal XII (1)).

(5) Tá coinne leis freisin go nglacfaidh an tÚdarás Maoirseachta lena dhréacht- Rialacha Nós Imeachta, ina sainítear gnéithe amhail rialacha cruinnithe, rialacha ionadaíochta, tograí agus cinntí agus nósanna imeachta vótála. Níl na dréacht- Rialacha Nós Imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair i gcomhréir áfach le forálacha Phrótacal Lucsamburg, ina n- aithnítear stádas Eagraíochtaí Réigiúnacha um Chomhtháthú Eacnamaíochta mar cheann atá coibhéiseach le stádas Páirtí Stáit, de réir mar a thugann siad difríochtaí gan bhunús isteach idir Páirtithe Stáit, ar thaobh amháin *per se*, atá i dteideal ionadaíocht a fháil ón Údarás Maoirseachta agus vótáil ar chinntí a ghlacfaidh an tÚdarás Maoirseachta, agus, ar an taobh eile, Eagraíochtaí Réigiúnacha um Chomhtháthú Eacnamaíochta, nach dtagraítear go sainráite dóibh mar chomhaltaí den Údarás Maoirseachta. Is gá dá bhrí sin leasuithe a mholadh ar na Rialacha Nós Imeachta chun a áirithiú go ndéanfar foráil go héifeachtach do bhallraíocht agus do chearta an Aontais Eorpaigh vótáil san Údarás Maoirseachta i gcomhréir le forálacha Phrótacal Lucsamburg, lena n- áirítear rialacha a bhaineann le vótáil ar ábhair a thagann faoi raon feidhme inniúlacht eisiach an Aontais. Ba cheart tacaíocht a thabhairt mar sin féin do na forálacha atá fágtha de na dréacht- Rialacha Nós Imeachta.

(6) I gcomhréir le hAirteagal XII (6) de Phrótacal Lucsamburg, is faoin OTIF é ról Rúnaíocht an Údaráis Maoirseachta a thógáil ar láimh a luaithe agus a thiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm. Leagtar amach sa chomhaontú atá beartaithe idir an tÚdarás Maoirseachta agus OTIF na coinníollacha mionsonraithe chun cúraimí Rúnaíocht an Údaráis Maoirseachta a dhéanamh. Is gá an comhaontú seo a ghlacadh chun

[21] IO L 138, 26.5.2016, lch. 44.
[22] IO L 138, 26.5.2016, lch. 1.
[23] IO L 345, 15.12.2012, lch. 1.
[24] IO L 268, 26.10.2018, lch. 53.

dea- riarachán oibreacha an Údaráis Maoirseachta a áirithiú agus ba cheart tacaíocht a thabhairt dó dá bhrí sin.

(7) De bhun Airteagal 17 de Choinbhinsiún Cape Town agus Airteagal XII de Phrótacal Lucsamburg, déanfaidh an tÚdarás Maoirseachta foráil maidir le bunú na Clárlainne Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid. Áiritheoidh sé freisin go mbeidh córas leictreonach éifeachtúil atá bunaithe ar fhógraí ann chun cuspóirí Phrótacal Lucsamburg a chur chun feidhme, trí rialacháin agus nósanna imeachta don Chlárlann Idirnáisiúnta a bhunú, a athbhreithniú agus a leasú, i gcás inar gá. Eiseoidh an tÚdarás Maoirseachta na rialacháin agus na nósanna imeachta sin de bhun Airteagal 17(2)(d-e) de Choinbhinsiún Cape Town agus i gcomhréir le hAirteagail XIV, XV, XVI agus XVII de Phrótacal Lucsamburg. Tá gá leo chun an creat dlíthiúil a sholáthar le haghaidh oibriú na Clárlainne Idirnáisiúnta, go háirithe i ndáil le hiarraidh agus le leithdháileadh shainaitheantóir an Chórais Uathúil Aitheantais d'Fheithiclí Iarnróid (URVIS). Laistigh den Aontas, rialáiltear clárú agus aitheantas an rothstoic iarnróid freisin trí Threoir (AE) 2016/797 agus trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún, ina soláthraítear *inter alia* sonraíochtaí le haghaidh Uimhir Eorpach Feithiclí (EVN) agus le haghaidh Clár Eorpach Feithiclí (EVR). Cé go láimhseálann na córais faoi dhlí an Aontais agus faoi Phrótacal Lucsamburg an tsaincheist thráthúil chéanna maidir le sainaithint agus clárú an rothstoic iarnróid, tá aidhmeanna agus cuspóirí difriúla acu, is é sin aidhmeanna agus cuspóirí oibríochtúla (teicniúla) faoi dhlí an Aontais agus aidhmeanna agus cuspóirí airgeadais faoi Phrótacal Lucsamburg. Dá thoradh sin, níl na forálacha dlíthiúla ar neamhréir lena chéile faoi láthair, agus is féidir leis an dá chóras a bheith ann i gcomhthráth. Ba cheart don Aontas a bheith in ann dá bhrí sin comhlántacht bhuan a shaothrú idir na cláir agus na córais aitheantais sin. Toisc go bhfuil gá ann na rialacha seo a ghlacadh chun oibriú na Clárlainne Idirnáisiúnta a áirithiú, agus toisc go bhfuil na rialacha sin comhoiriúnach agus i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais, ba cheart tacaíocht a thabhairt don Údarás Maoirseachta lena nglacadh.

(8) Chun a sprioc a bhaint amach, is gá do Phrótacal Lucsamburg brath ar chóras soiléir aitheantais agus marcála rothstoic iarnróid bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta. Soláthraítear sna Rialacha Samhla atá beartaithe maidir le Sainaitheantas Buan an Rothstoic Iarnróid creat chun an sainaitheantóir URVIS agus a mharcáil ar rothstoic iarnróid a shannadh. De réir na Rialacha Samhla sin, is rud breise é marcáil sainaitheantóir URVIS anuas ar aon chóras marcála atá ann cheana amhail córas an Aontais a leagtar amach i gCinneadh 2012/757/AE ón gCoimisiún. Níl na Rialacha Samhla sin ar neamhréir le creat dlíthiúil ábhartha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm faoi láthair. Beartaítear dá bhrí sin tacaíocht a thabhairt don Údarás Maoirseachta lena nglacadh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag dóú seisiún déag den Choimisiún Ullmhúcháin agus ag an gcéad seisiún den Údarás Maoirseachta um an bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste maidir le Nithe a Bhaineann go Sonrach le Rothstoc Iarnróid, a glacadh i Lucsamburg an 23 Feabhra 2007, leagtar amach é san Iarscríbhinn.

Maidir le mionathruithe ar na seasaimh arna léiriú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, féadfaidh ionadaithe den Aontas iad a chomhaontú ag an gCoiste gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*